

SCÉIM SAOIRE MÉALA DO GACH BALL FOIRNE DEN BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Le héifeacht ón: 12 Nollaig 2022

Gaol an Fhostaí	Teidlíocht Saoire Méala
<p>Duine den Neasteaghlach:</p> <ul style="list-style-type: none"> Céile (comhchónaitheoir san áireamh) Leanbh (lena n-áirítear leanbh uchtaithe, leasleanbh agus leanbh dá dtugtar aire ‘in loco parentis’) Aon duine i gcaidreamh cleithiúnais baile (is é sin, go raibh an duine a fuair bás agus an fostaí ina gcónaí le chéile agus an duine a fuair bás ag brath ar an bhfostaí ó thaobh cúraim de) 	20 lá oibre ar a mhéad
<p>Garghaol:</p> <ul style="list-style-type: none"> Athair Máthair Leasathair Leasmháthair Deartháir Leasdeartháir Leathdheartháir Seanathair Seanmháthair Garpháiste Deirfiúr Leasdeirfiúr Leathdheirfiúr Deirfiúr céile Athair céile Máthair céile Cliamhain Banchliamhain Deartháir céile <p>Tabhair do d’aire: Caitear leis an teidlíocht i gcás comhchónaitheora (an SNA) mar a chaitear i gcás céile, is é sin, an teidlíocht i gcás máthair céile, athair céile, deirfiúr céile, deartháir céile.</p>	5 lá oibre ar a mhéad. Más gá d’fhostaí taisteal thar lear chun socraithe sochraide a dhéanamh i gcás garghaoil, féadfar Saoire Mhéala níos faide ná 5 lá oibre a thabhairt faoi rogha an fhostóra.
<p>Garghaol eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> Aintín Uncail Neacht Nia 	Lá oibre amháin ar a mhéad. I gcásanna eisceachtúla (mar shampla, más rud é go raibh cónaí ar an bhfostaí leis an duine a fuair bás tráth an bháis, nó más gá don fhostaí na socruithe sochraide a eagrú), féadfar síneadh suas le 5 lá oibre a chur leis an teorainn sin.
<p>Marbh-bhreith nó bás réamhbhreithe tar éis 24 sheachtain toirchis (ní bhaineann sé sin ach le Saoire Mhéala, agus ní dhéanann sé difear don teidlíocht i dtaobh Saoire Atharthachta)</p> <ul style="list-style-type: none"> Athair an linbh Céile, Páirtneir Sibhialta nó Comhchónaitheoir mháthair an linbh 	10 lá oibre ar a mhéad.

- | | |
|--|--|
| <ul style="list-style-type: none">• Duine de thuismitheoirí an linbh faoi Roinn 5 den Acht um Leanaí agus Cónais Teaghlaigh, 2015, i gcás gur leanbh deontóirghinte atá sa leanbh de réir bhrí Chuid 2 den Acht sin. | |
|--|--|

FOIRM IARRATAIS CHUN SAOIRE MHÉALA A LORG

Ba chóir an Bainisteoir/Príomhoide a chur ar an eolas faoin tSaoire Mhéala láithreach agus iarratas a dhéanamh ina leith a luaithe agus is féidir tar éis an mhéala.

Caithfidh an fostaí an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna.

AINM AN FHOSTAÍ	
SEOLADH RÍOMHPHOIST	
IONAD/SCOIL	

AINM AN DUINE A FUAIR BÁS	
AN GAOL LEIS AN bhFOSTAÍ	
DÁTA AN BHÁIS	
DÁTA TOSAITHE NA SAOIRE MÉALA	
DÁTA CRÍOCHNAITHE NA SAOIRE MÉALA	
AN LÍON LAETHANTA OIBRE	

Dearbhú

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Méala i gcomhréir leis an Scéim Saoire Méala.

Deimhním gur eolas fíor cruinn an t-eolas atá tugtha san iarratas.

Síniú an Fhostaí _____

Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí

<https://www.ddletb.ie/wp-content/uploads/2021/02/DDLETB-Privacy-Notice-Employees-Volunteers-Board-Members-Committee-members-etc.docx>

CUID 2 – AN CINNEADH

Deimhním go bhfuil Saoire Mhéala ceadaithe/diúltaithe (scrios de réir mar is cuí) agam i gcomhréir leis na Scéimeanna Saoire Méala. Tá na cáipéisí seo a leanas curtha ar aghaidh chun na Rannóige Acmhainní Daonna:

- 1) Iarratas ar Shaoire Mhéala
- 2) Cruthúnas an mhéala (mar shampla, an fógra ar rip.ie)
- 3) Tá taifead den tSaoire Mhéala Cheadaithe ar chóras BOO

Síniú: _____ Dáta: _____
(Príomhoide/Bainisteoir)